RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/226 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Feabhra 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gCinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle ([2]), sainaithnítear na daoine agus na heintitis a bhfuil feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus Airteagal 5 den Chinneadh sin.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004, tugtar éifeacht don Chinneadh sin a mhéid atá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 na daoine agus na heintitis arna gcumhdach ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(3) An 17 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/227 ([3]) lena mbaintear triúr de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
An tArd-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 55, 24.2.2004, lch. 1.
([2]) Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).
([3]) Cinneadh (CBES) 2022/227 ón gComhairle an 17 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib (féach leathanach 5 den Iris Oifigiúil seo).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn III, roinn I, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle mar a leanas:

Scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

"(2) Mugabe, Grace	Rugadh an 23.7.1965 Uimhir an phas AD001159 ID 63-646650Q70	Iar-Rúnaí Léig na mBan de chuid ZANU-PF (Aontas Náisiúnta Afracach na Siombáibe – Fronta Tírghrách (Zimbabwe African National Union – Patriotic Front)), páirteach i ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go mór ón daonlathas, ón urraim do chearta an duine agus ón smacht reachta. Ghlac an Iron Mask Estate chuici féin in 2002; líomhnaítear go mbaineann sí brabúis mhóra go haindleathach as mianadóireacht diamant.
(5) CHIWENGA, Constantine	Leas-Uachtarán Iar-Cheannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe, Ginearál ar scor, a rugadh an 25.8.1956 Uimhir an phas AD000263 ID 63-327568M80	Leas-Uachtarán agus Iar-Cheannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe. Comhalta de Cheannas Comhpháirteach Oibríochtaí agus comhpháirteach i mbeartas tíoránta an Stáit a cheapadh nó a chur chun feidhme. D'imscar sé an t-arm le feirmeacha a choigistiú. Le linn thoghcháin 2008 ar siúl, bhí sé ar dhuine de phríomhghríosóirí an fhoréigin a bhain le toghchán réitigh na huachtaránachta.
(7) SIBANDA, Phillip Valerio (dá ngairtear Valentine freisin)	Ceannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe Iar-Cheannasaí Arm Náisiúnta na Siombáibe, Ginearál, a rugadh an 25.8.1956 nó an 24.12.1954 ID 63-357671H26	Ceannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe agus Iar-Cheannasaí Arm Náisiúnta na Siombáibe. Oifigeach airm sinsearach a bhfuil ceangal aige leis an Rialtas agus a bhí comhpháirteach i mbeartas tíoránta an Stáit a cheapadh nó a chur chun feidhme."